

Dé Céadaoin | Lá a Trí

Ranganna Idirmheánacha
(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

Gníomhaíocht OSPS

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal idirmheánach, lá 3. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam OSPS le haghaidh grúpaí ranga i Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

OSPS > Mise > Ag tabhairt aire do mo chorp > Bia agus cothú

Teachtaireacht an Fhíseáin:

Cá stóráiltear bia difriúil chun é a choinneáil úr agus chun dramhaíl bhia a chosc?

Nascann an ghníomhaíocht seo leis an réimse curaclaim a leanas:

Na Príomhthorthaí Foghlama Curaclaim:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste...

- ✓ An rogha leathan bia atá ar fáil a aithint agus bia a rangú sna ceithre phríomhghrúpa bia mar aon lena n-ionad i bpirimid an bhia arán, prátaí, gránbharra
 - ✓ torthaí agus glasraí
 - ✓ táirgí déiríochta (bainne, cáis, iógart)
 - ✓ próitéin (feoil, iasc agus roghanna eile)
- ✓ Roinnt de na tosca a mbíonn tionchar acu ar thomhailt táirgí difriúla bia a iniúchadh
 - ✓ Ina measc cur i láthair agus pacáistiú, seilf-ré, etc.

Gníomhaíocht M'Aiste Bia Sláintiúla:

*Moltar súil siar a chaitheamh ar Phirimid an Bhia roimh an ghníomhaíocht seo, nó é a nascadh leis an ghníomhaíocht pas le haghaidh ithe sláintiúil




An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union

Phirimid an Bhia

Tá Razz ag streachailt le Pirimid an Bhia. An bhféadfá cabhrú léi na spásanna thíos a líonadh isteach le hainm nó pictiúr den bhia san áit cheart?



- 1) Torthaí agus Glasraí (7 sciar)
- 2) arán, prátaí, gránbharra
- 3) táirgí déiríochta (bainne, cáis, iógart)
- 4) próitéin (feoil, iasc agus roghanna eile)
- 5) Bia agus deochanna ina bhfuil neart saille, salainn agus siúcra (ó am go chéile)



Gníomhaíocht Stórála Bia:

Chuaigh Charlie go margadh na bhfeirmeoirí agus thug sí roinnt táirgí áille abhaile don tseachtain amach romhainn. Caithfidh sí iad a stóráil san áit is fearr lena gcoinneáil úr agus blasta. An gcabhróidh tú léi an bia a chur i dtaisce i gceart?

